Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Aibreán 2021
(OR. en)

7914/21

| | |
|---|---|
| COASI 58 | COMPET 255 |
| ASIE 18 | EDUC 124 |
| CFSP/PESC 379 | RECH 156 |
| WTO 109 | CULT 25 |
| TRANS 215 | RELEX 326 |
| ENER 121 | OCDE 8 |
| ENV 233 | CCG 23 |
| CLIMA 77 | AVIATION 83 |
| COHAFA 35 | FIN 297 |
| DIGIT 47 | FISC 63 |
| MARE 10 | TOUR 23 |
| COEST 92 | MIGR 70 |
| ASEM 6 | COVID-19 153 |
| CYBER 99 | ATALANTA 9 |
| DEVGEN 74 | EUMC 77 |
| SUSTDEV 42 | COPS 142 |
| ECOFIN 350 | |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 16 Aibreán 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7695/21 + COR1 |
| Ábhar: | Straitéis an Aontais maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach - Conclúidí ón gComhairle (an 16 Aibreán 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle i ndáil le Straitéis an Aontais maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, a formheasadh leis an nós imeachta i scríbhinn an 16 Aibreán 2021.

**Conclúidí ón gComhairle i ndáil le**

**Straitéis an Aontais maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach**

1. Measann an Chomhairle gur cheart don Aontas a fhócas straitéiseach, a láithreacht agus a ghníomhaíochtaí sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach a threisiú chun cur le cobhsaíocht, slándáil, rathúnas agus forbairt inbhuanaithe an réigiúin, bunaithe ar an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus an dlí idirnáisiúnta a chur chun cinn.

2. Tá rún ag an Aontas a ról mar chomhpháirtí comhoibritheach sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach a threisiú, rud a thugann breisluach don chaidreamh lena chomhpháirtithe uile sa réigiún. Tá an tAontas agus a Bhallstáit ag obair le chéile go cuimsitheach cheana féin sa réigiún, ag cur go mór leis an bhforbairt agus leis an gcúnamh daonnúil, ag dul i ngleic leis an athrú aeráide, le cailliúint na bithéagsúlachta agus leis an truailliú, ag tabhairt comhaontuithe uaillmhianacha saorthrádála i gcrích, agus ag cuidiú leis an dlí idirnáisiúnta a urramú, lena n-áirítear cearta an duine agus an tsaoirse loingseoireachta. Tá comhar leis an réigiún ríthábhachtach chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach. Tá an cúram coiteann ag an Aontas agus ag na tíortha Ind-Chiúin-Aigéanacha araon aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí millteacha daonna agus eacnamaíocha ghéarchéim COVID19 ar roinnt mhaith tíortha agus an gá atá le téarnamh socheacnamaíoch inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú agus athléimneacht na gcóras sláinte a fheabhsú.

3. Tugann an Chomhairle dá haire, áfach, an dinimic atá ann faoi láthair sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, as ar tháinig dianiomaíocht gheopholaitiúil a chuireann leis an teannas atá ag dul i méid maidir le slabhraí trádála agus soláthair agus i réimsí teicneolaíochta, polaitiúla agus slándála. Tá dúshlán uilíocht chearta an duine á tabhairt freisin. Tá méadú ag teacht ar an mbagairt a bhíonn ag na forbairtí sin ar chobhsaíocht agus ar shlándáil an réigiúin agus níos faide i gcéin, rud a mbeidh tionchar díreach acu ar leasanna an Aontais.

4. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart cur chuige straitéiseach an Aontais agus a rannpháirtíocht leis an réigiún a bheith prionsabálta, le dearcadh fadtéarmach, lena gcuirfí le cumas an Aontais gníomhú mar ghníomhaí domhanda. Ba cheart, tríd an gcur chuige agus an rannpháirtíocht sin, ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chothú, agus cothrom na Féinne mar aon le timpeallacht oscailte chothrom don trádáil agus don infheistíocht, an chómhalartacht, neartú na hathléimneachta, dul i ngleic leis an athrú aeráide agus tacú le nascacht leis an Aontas. Ba cheart é a bheith d'aidhm leis bealaí soláthair muirí saor in aisce, oscailte a áirithiú agus an dlí idirnáisiúnta á chomhlíonadh go hiomlán, go háirithe UNCLOS, ar mhaithe le leas cách. Le rannpháirtíocht an Aontais, ba cheart go rannchuideofaí le feabhas a chur ar a neamhspleáchas straitéiseach agus ar a chumas comhoibriú le comhpháirtithe chun a luachanna agus a leas a choimirciú.

5. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil an tiomantas athnuaite sin don réigiún cuimsitheach do na comhpháirtithe uile ar mian leo comhoibriú leis an Aontas, ag cur le doiciméid straitéiseacha de chuid an Aontais a glacadh cheana féin maidir leis an réigiún. Tá straitéis Ind-Chiúin-Aigéanach an Aontais pragmatach, solúbtha agus ilghnéitheach, rud a chuireann ar chumas an Aontais a chomhar a chur in oiriúint agus a fhorbairt de réir réimsí sonracha beartais inar féidir le comhpháirtithe teacht ar chomhaontú bunaithe ar phrionsabail chomhroinnte, ar luachanna comhroinnte nó ar leas coiteann. Déanfaidh an tAontas a rannpháirtíocht maidir leis an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach a dhoimhniú go háirithe leis na comhpháirtithe sin a bhfuil cineálacha cur chuige maidir leis an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach fógartha acu cheana féin.

6. Aontaíonn an Chomhairle go gcuirfidh Straitéis an Aontais maidir le Comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, lena gcuimsítear an limistéar geografach ó chósta thoir na hAfraice go dtí Stáit Oileánacha an Aigéin Chiúin, spreagadh nua ar fáil tríd an méid seo a leanas:

6.1. *Oibriú lenár gcomhpháirtithe sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach:*

a) Saothróidh an tAontas clár oibre leathan laistigh den réigiún lena ndéanfar cumarsáid agus lena rachfar i mbun idirphlé faoina straitéis nua lena chomhpháirtithe sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach. Oibreoidh an tAontas le tríú tíortha ar mhaithe le leas frithpháirteach, lena n-áirítear tríd an ionstraim airgeadais a bheidh aige amach anseo don chomhar idirnáisiúnta agus trí thionscnaimh nithiúla náisiúnta agus réigiúnacha Fhoireann na hEorpa. Treiseoidh sé an comhar le heagraíochtaí iltaobhacha agus réigiúnacha, agus le geallsealbhóirí eile, go háirithe le Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha, agus leas á bhaint as tacaíocht na réigiún is forimeallaí san Aontas chomh maith le tíortha agus críocha thar lear i ndáil leis sin. Beidh sé d'aidhm ag an Aontas an t-iltaobhachas éifeachtach riailbhunaithe a chur chun cinn. Déanfaidh sé teagmháil go háirithe leis an ailtireacht réigiúnach faoi stiúir ASEAN agus cuirfidh sé a chuspóirí chun cinn agus saothróidh sé iad ina chruinnithe mullaigh déthaobhacha agus ag Cruinniú na hÁise-na hEorpa (ASEM). I ndáil leis an méid sin, athdhearbhaíonn an tAontas go dtacaíonn sé le lárnacht ASEAN agus is fada leis an Chomhpháirtíocht Straitéiseach nua idir an tAontas agus ASEAN a chur i gcrích go huaillmhianach. Ina theannta sin, beidh sé d'aidhm ag an Aontas bailchríoch a chur ar Chomhaontuithe nuachóirithe Comhpháirtíochta agus Comhair (CCCanna) leis an Malaeisia agus leis an Téalainn agus caibidlíocht a dhéanamh ar CCC nua leis na hOileáin Mhaildíve.

b) Cur chuige comhtháite foriomlán a fhorbairt i leith an Aigéin Indiaigh bunaithe ar choincheap an chomhair le comhpháirtithe ríthábhachtacha san Afraic agus san Áise araon. An Teachtaireacht Chomhpháirteach *Towards a comprehensive Strategy with Africa* [I dtreo Straitéis chuimsitheach leis an Afraic], Conclúidí mhí an Mheithimh 2020 ón gComhairle Gnóthaí Eachtracha agus Conclúidí mhí Dheireadh Fómhair 2020 ón gComhairle Eorpach maidir leis an Afraic, tá siad ina mbonn maith do thosaíochtaí an Aontais san Aigéan Indiach Thiar. Tacóidh an tAontas le comhpháirtithe sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach an rialachas réigiúnach a neartú, an comhtháthú eacnamaíoch réigiúnach agus an fás a chur chun cinn, sábháilteacht agus slándáil na mbealaí muirí agus eitlíochta a áirithiú, gáinneáil a chosc, dul i ngleic leis an imirce agus an tsoghluaisteacht a bhainistiú chomh maith le caomhnú agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha a áirithiú, lena n-áirítear acmhainní muirí, go háirithe le Comhlachas Imeall an Aigéin Indiaigh.

c) Comhpháirtíocht pholaitiúil an Aontais san Aigéan Ciúin a fhorbairt bunaithe ar an gComhaontú Comhpháirtíochta atá beartaithe lena chomhpháirtithe san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) agus Prótacal an Aigéin Chiúin a thiocfaidh i gcomharbas ar Chomhaontú Cotonou, chomh maith le Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche an Aontais le comhpháirtithe an Aigéin Chiúin. Cuirfidh sé dlús lena rannpháirtíocht pholaitiúil agus straitéiseach agus déanfaidh sé dlúthfhaireachán ar fhorbairtí geopholaitiúla sa réigiún. Leanfaidh an tAontas de bheith ag comhoibriú i bhfóraim réigiúnacha lena n-áirítear Fóram Oileáin an Aigéin Chiúin, Comhairle Eagraíochtaí Réigiúnacha an Aigéin Chiúin agus Chomhphobal an Aigéin Chiúin, agus go déthaobhach le comhpháirtithe i réimsí ina mbeadh an tionchar is mó ag an méid sin. D'áireofaí leis sin comhrac an athraithe aeráide agus géarchéim na bithéagsúlachta, rialachas na n-aigéan a neartú, cabhrú le téarnamh ó thubaistí nádúrtha, an trádáil a spreagadh agus an tslándáil a chur chun cinn trí choireacht eagraithe thrasnáisiúnta ar muir a chomhrac, amhail an phíoráideacht, coireanna comhshaoil, an chibearchoireacht agus an gháinneáil ar dhaoine, ar airm agus ar dhrugaí.

*6.2. Ag tacú le clár oibre domhanda an chomhphobail idirnáisiúnta:*

a) Oibreoidh an tAontas Eorpach i gcomhar le comhpháirtithe Ind-Chiúin-Aigéanacha chun cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear an tsaincheist maidir le comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní a tharraingt anuas, á athdhearbhú dó gur cearta uilíocha, doroinnte, idirspleácha agus idirghaolmhara iad cearta an duine. Tá rannpháirtíocht na sochaí sibhialta ríthábhachtach chun sochaithe cuimsitheacha rathúla a thógáil. Tá sé d'aidhm ag an Aontas feabhas a chur ar an idirphlé leis na tíortha Ind-Chiúin-Aigéanacha go déthaobhach agus i bhfóraim iltaobhacha chun na luachanna sin a neartú. Ag obair as lámha a chéile dóibh, féadfaidh an tAontas agus na comhpháirtithe Ind-Chiúin-Aigéanacha sin a bhfuil an dearcadh céanna acu tionchar níos mó a imirt ar an gclár oibre domhanda maidir le cearta an duine.

b) Tionscnaimh shonracha chomhair a chruthú ar nós comhghuaillíochtaí agus comhpháirtíochtaí glasa chun tacú le Comhaontú Pháras agus leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, agus é d'aidhm aige spriocanna agus caighdeáin arda chomhshaoil a bhaint amach, chomh maith le bainistiú inbhuanaithe ar acmhainní nádúrtha, lena n-áirítear uisce, agus aistriú go geilleagair a bheidh aeráidneodrach, glan agus ciorclach. In éineacht lena chomhpháirtithe, forbróidh an tAontas beartais uaillmhianacha aeráide agus bithéagsúlachta agus straitéisí fadtéarmacha dícharbónaithe agus maoiniú inbhuanaithe á neartú ag an am céanna. Agus na gnéithe idirnáisiúnta de straitéis nua an Aontais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide chomh maith lena straitéis bhithéagsúlachta do 2030 á gcur chun feidhme, díreofar ar na comhpháirtithe Ind-Chiúin-Aigéanacha sin is mó atá i ngátar, i gcomhréir leis an gComhaontú Glas.

c) Gníomhaíocht an Aontais a thabhairt ar aghaidh i dtaca le rialachas na n-aigéan, go háirithe i gcás chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha na mara. Déanfar an méid sin a áirithiú trí bhallraíocht san Aontas agus a bheith rannpháirteach go gníomhach sna comhlachtaí ábhartha iascaigh, lena n-áirítear coinbhinsiúin maidir le farraigí réigiúnacha agus eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh, agus trí comhpháirtíochtaí maidir le hiascaigh inbhuanaithe a chruthú. Cuideoidh sé sin le feabhas a chur ar rialachas iascaigh agus ar fhorbairt an chósta inár dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear iascaigh ar mionscála, ag rannchuidiú ar an gcaoi sin le hinbhuaine an bhia ar feadh an tslabhra luacha, agus trí dhul i ngleic le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (iascaireacht NNN). I measc na dtionscnamh tionlacain, beidh limistéir mhuirí faoi chosaint a bhunú, déileáil le truailliú mara, creimeadh cósta, geilleagair ghorma inbhuanaithe a fhorbairt agus breathnóireacht agus taighde na n-aigéan a chur chun cinn.

d) Leanfaidh sé den obair atá á déanamh aige ar laghdú rioscaí tubaiste sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach chun na rioscaí guaise, a bhfuil an t-athrú aeráide ag cur leo, a laghdú agus chun athléimneacht a chothú i measc pobail leochaileacha, lena n-áirítear daoine a easáitíodh go héigeantach i limistéir atá go mór i mbaol ó thubaistí nádúrtha agus ó thubaistí de dhéanamh an duine. Tá comhar maidir le taighde agus nuálaíocht chomh maith le seirbhísí satailíte amhail Copernicus á bhreithniú chun na cuspóirí sonracha sin a éascú.

e) Tús áite a thabhairt don earnáil sláinte mar réimse nua ríthábhachtach don chomhar. Léirigh paindéim COVID-19 a thábhachtaí atá an comhar iltaobhach sa réimse ríthábhachtach seo. Ba cheart don Aontas slabhraí soláthair tionsclaíocha don chógaisíocht agus don réimse sláinte a áirithiú, atá sábháilte agus éagsúil, chun go mbeidh rochtain ar tháirgí íocshláinte agus sláinte sábháilte, éifeachtacha agus ar ardcháilíocht. Ba cheart malartú dea-chleachtas a bheith ann i gcórais sláinte, lena n-áirítear beartais maidir le bainistiú géarchéime agus cosc paindéime, cómhalartacht i ndáil le taisteal agus teorainneacha oscailte a bhainistiú, chomh maith le dlúthchomhar as a dtiocfaidh córais bhia a bheidh níos cothroime, níos sláintiúla agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol. Tá an tAontas ag tacú le comhpháirtithe Ind-Chiúin-Aigéanacha, lena n-áirítear trí Shaoráid COVAX, ar cuid de chomhar domhanda í atá dírithe ar rochtain ar vacsaín COVID-19 a áirithiú i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim. Beidh sé ina thosaíocht i gcónaí féachaint chuige go mbeidh cosaint chonsalach ón Aontas Eorpach ann dár saoránaigh féin i dtráth géarchéime.

*6.3. Ár gclár oibre eacnamaíoch a thabhairt chun cinn agus ár slabhraí soláthair a chosaint:*

a) Leanfaidh an tAontas de leasanna, prionsabail agus cuspóirí tábhachtacha eacnamaíocha an Aontais a chur chun cinn, lena n-áirítear maidir le forbairt inbhuanaithe chun téarnamh agus fás socheacnamaíoch láidir, cothrom agus cuimsitheach a áirithiú, chomh maith le beartais fhónta mhaicreacnamaíocha, fothú acmhainneachta institiúideach agus tacaíocht don lánpháirtiú réigiúnach. Cothóidh an tAontas Eorpach idirphlé le tíortha a bhfuil an dearcadh céanna acu sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach trí straitéisí feabhsúcháin fáis réamhbhreathnaitheacha a mhúnlú le borradh a chur athuair ar ár ngeilleagair ar bhealach athléimneach, inbhuanaithe. Ba cheart go gcuirfeadh slabhraí soláthair le hathléimneacht an gheilleagair Eorpaigh, go háirithe i gcás na n-éiceachóras tionsclaíoch is íogaire, agus ba cheart go gcuideoidís chun na spleáchais straitéiseacha ar amhábhair chriticiúla a laghdú. Comhoibreoidh an tAontas freisin le tíortha Ind-Chiúin-Aigéanacha chun an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a athchóiriú chun go mbeidh córas trádála iltaobhach inbhuanaithe agus éifeachtach ann.

b) Beidh ar an Aontas a sheasamh straitéiseach trádála a neartú sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach agus cothrom na Féinne a bhunú ann, i bhfianaise na gcomhaontuithe suntasacha réigiúnacha a rinneadh le déanaí, amhail an Comhaontú Cuimsitheach agus Forásach do Chomhpháirtíocht an Aigéin Chiúin (CPTPP) agus an Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch Chuimsitheach Réigiúnach (RCEP). Leanfaidh sé de chomhaontuithe uaillmhianacha trádála agus infheistíochta a iniúchadh agus a chaibidil sa réigiún, amhail na comhaontuithe a tugadh i gcrích leis an tSeapáin, le Poblacht na Cóiré, le Singeapór agus le Vítneam. Beidh sé d’aidhm aige comhaontuithe saorthrádála a thabhairt i gcrích leis an Astráil, leis an Indinéis agus leis an Nua-Shéalainn, agus céimeanna breise a thabhairt i dtreo an chomhaontaithe chuimsithigh maidir le hinfheistíocht leis an tSín. Leanfaidh an tAontas d’fhéachaint leis an gcaidreamh eacnamaíoch leis an India a dhoimhniú. Athdhearbhaíonn sé clár oibre uaillmhianach an Aontais maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe agus cuirfidh sé lena iarrachtaí i ndáil leis na comhaontuithe sin a chur chun feidhme. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do thíortha incháilithe sa réigiún trína scéim fabhar ginearálaithe, chun an bhochtaineacht a dhíothú, fás agus poist a spreagadh, urraim do chearta an duine agus cearta saothair a chur chun cinn, agus iad a chomhtháthú i slabhraí luacha domhanda.

*6.4. Ár gcion a dhéanamh i réimse na slándála agus na cosanta:*

a) Déanfaidh an tAontas tuilleadh forbartha ar chomhpháirtíochtaí agus neartóidh sé sineirgí le comhpháirtithe a bhfuil an dearcadh céanna acu agus le heagraíochtaí ábhartha i réimse na slándála agus na cosanta. Cuimseoidh sé sin freagairt ar dhúshláin don tslándáil idirnáisiúnta, lena n-áirítear an tslándáil mhuirí, cibirghníomhaíochtaí mailíseacha, bréagaisnéis, chomh maith leis na cinn sin a thagann ó theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus ó theicneolaíochtaí bunathraitheacha, an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach agus bagairtí hibrideacha a chomhrac agus an athléimneacht ina n-aghaidh a fheabhsú, an choireacht eagraithe agus gáinneáil aindleathach a chomhrac, i gcomhréir iomlán leis an dlí idirnáisiúnta. Ba cheart neamh leathadh núicléach, rialú arm agus rialú onnmhairí teicneolaíochta dé-úsáide a bheith ina dtosaíochtaí freisin. Ba cheart an comhar a mhéadú faoi chuimsiú mhisin agus oibríochtaí CBSC trí chomhaontuithe tiomnaithe, tríd an tionscadal *Enhancing Security Cooperation in and with Asia* [An Comhar Slándála san Áise agus leis an Áise a Fheabhsú] mar aon le rannpháirtíocht ghníomhach i bhfóraim thábhachtacha a bhaineann le slándáil sa réigiún amhail Fóram Réigiúnach Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas. Beidh sé d'aidhm ag an Aontas freisin creatchomhaontuithe rannpháirtíochta nua a thabhairt i gcrích le comhpháirtithe sa réigiún i gcomhréir le conclúidí mhí na Bealtaine 2018 ón gComhairle maidir le comhar feabhsaithe slándála an Aontais san Áise agus leis an Áise, inar moladh do na tíortha sin páirt níos mó a ghlacadh i misin agus in oibríochtaí CBSC.

b) Faoi chuimsiú shainordú neartaithe agus limistéar leathnaithe oibríochtaí EUNAVFOR Atalanta, is díol sásaimh don Chomhairle an rannchuidiú ó fhórsaí cabhlaigh thíortha comhpháirtíochta na hÁise chun cabhrú le gníomhartha píoráideachta agus robála armtha amach ó chósta na Somáile a chomhrac agus iarrann sí go ndéanfaí tuilleadh freachnaimh chomhpháirteacha agus stadanna calafoirt sa limistéar sin. Agus é ag tógáil ar an taithí atá aige maidir le bealaí ríthábhachtacha muirí a chosaint san Aigéan Indiach trí fheasacht réimsí muirí, tá cinneadh glactha ag an Aontas raon feidhme geografach a ghníomhaíochtaí CRIMARIO II a leathnú ón Aigéan Indiach go dtí an Áise Theas agus Thoir Theas d'fhonn cur le lánaí cumarsáide mara níos sábháilte leis an Aontas. Fiosróidh sé an bhféadfaí an taithí CRIMARIO san Aigéan Ciúin Theas a mhacasamhlú.

*c)* Measúnóidh sé an deis chun limistéir leasa mhuirí a bhunú sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, agus na ceachtanna a foghlaimíodh agus an chéad mheasúnú ar choincheap na Láithreacha Muirí Comhordaithe á gcur san áireamh. I gcomhréir le Straitéis Slándála Muirí an Aontais agus an Plean Gníomhaíochta a ghabhann léi, d'fhéadfadh sé gurb iad na cuspóirí a bhaineann le láithreacht mhuirí an Aontais a chomhordú, bunaithe ar rannchuidithe deonacha ó na Ballstáit, *inter alia*, comhoibriú le cabhlaigh na gcomhpháirtithe, agus a gcumais a fhorbairt i gcás inarb ábhartha, chun faireachán cuimsitheach ar shlándáil mhuirí agus ar shaoirse loingseoireachta a bhunú, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe UNCLOS, agus gníomhaíocht a dhéanamh chun slándáil chomhshaoil sa limistéar a áirithiú. Cé nach ionann é agus misin agus oibríochtaí CBSC, d'fhéadfadh an coincheap cuidiú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin slándála atá ann cheana sa réigiún. Aithníonn na Ballstáit a thábhachtaí atá sé láithreacht fhiúntach chabhlaigh Eorpach sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach.

*6.5. Nascacht ardchaighdeán a áirithiú:*

a) Leanfaidh an tAontas dá thosaíochtaí agus dá ghníomhaíochtaí cáilíochta agus nascachta inbhuanaithe sa réigiún a chur chun cinn, go háirithe trí institiúidí an Aontais agus na Ballstáit a bheith ag comhoibriú go praiticiúil le comhpháirtithe ar an láthair a roinneann na prionsabail maidir le cáilíocht agus le nascacht inbhuanaithe bunaithe ar noirm agus caighdeáin idirnáisiúnta agus ar chothrom na Féinne. Chuige sin, ní mór tosaíochtaí soiléire a leagan síos lena dtabharfar aghaidh ar gach gné den nascacht – gnéithe dhigiteacha, iompair, fuinnimh, dhaonna – lena gcuirfear tionscadail bhonneagair ar ardcháilíocht chun cinn i gcomhréir le Prionsabail G20 le haghaidh Infheistíochtaí Bonneagair Cháilíochta, agus leis na caighdeáin is airde trédhearcachta, agus leis an aistriú glas agus digiteach. Dhíreofaí leis sin ar bhorradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch agus faoi shochair fhadtéarmacha i gcomhréir leis an obair leanúnach atá á déanamh chun dul i dtreo cur chuige domhanda i leith na nascachta san Aontas, agus ag an am céanna caipiteal príobháideach a dhreasú agus gnólachtaí an Aontais a bheith rannpháirteach ann, agus leas á bhaint, nuair is féidir, as ionstraim airgeadais chomhair idirnáisiúnta an Aontais amach anseo. Ba cheart na tosaíochtaí a leagtar síos sa chlársceidealú a chur san áireamh leis sin, lena n-áirítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe+, agus ionstraimí airgeadais eile. Ní mór cumarsáid straitéiseach a dhéanamh chun feabhas a chur ar infheictheacht rannpháirtíocht an Aontais.

*6.6. Ár gcomhar i réimse an taighde, na nuálaíochta agus na digiteála a chur chun cinn:*

a) Cuirfidh an tAontas feabhas ar an gcomhar maidir leis an ardoideachas, leis an eolaíocht agus leis an teicneolaíocht le comhpháirtithe sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach a bhfuil an dearcadh céanna acu, go háirithe trí Fhís Eorpach, chun leas a bhaint as an saineolas teicneolaíoch eisceachtúil sa réigiún i bpríomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin chun fás glas a spreagadh, lena n-áirítear ardmhonaraíocht, ábhair shárfhorbartha, eolaíocht beatha, nanaitheicneolaíochtaí agus teicneolaíochtaí athchúrsála. Tacóidh Erasmus+ le soghluaisteacht ardoideachais agus le gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta. Lorgóidh an tAontas sineirgí sna réimsí sin leis an gclársceidealú faoin ionstraim airgeadais a bheidh ag an Aontas amach anseo don chomhair idirnáisiúnta, agus é mar aidhm leis beartas cuimsitheach Eorpach maidir le comhar réigiúnach a chruthú. Féachfaidh an tAontas le cómhalartacht agus cothrom na Féinne a áirithiú i gcomhréir leis an gCur Chuige Domhanda maidir le Taighde, Nuálaíocht, Oideachas agus an Óige. Ina theannta sin, cuirfidh an tAontas an teagmháil idir daoine chun cinn agus neartóidh sé soghluaisteacht na dtaighdeoirí mac léinn agus na foirne.

b) Oibreoidh an tAontas i gcomhar le comhpháirtithe a bhfuil an dearcadh céanna acu chun rialachas digiteach a chur chun cinn trí chaighdeáin dhomhanda agus cur chuige rialála níos uaillmhianaí, lena n-áirítear maidir leis an intleacht shaorga, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear luachanna agus prionsabail an Aontais maidir le príobháideachas, cosaint sonraí agus slándáil, agus ag an am céanna, tacóidh sé le trádáil oscailte agus le sreabha sonraí trasteorann. Oibreoidh an tAontas Eorpach i gcomhar le comhpháirtithe a bhfuil an dearcadh céanna acu chun slándáil agus athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a chur chun cinn, lena n-áirítear slándáil shlabhra soláthair líonraí 5G. Aithneoidh sé a thábhachtaí atá sé cibearspás a bheith ann atá domhanda, oscailte, saor, cobhsaí agus slán ar mhaithe le rathúnas, fás, slándáil, nascacht agus sláine ár sochaithe saora, daonlathacha agus cuirfidh sé i dtreis a thábhachtaí atá sé an smacht reachta, cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint sa chibearspás. Beidh cur chuige comhleanúnach chun teagmháil a dhéanamh le comhpháirtithe sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach a bhfuil an dearcadh céanna acu ríthábhachtach chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na digiteála sa réigiún. Go háirithe, ní mór an deighilt dhigiteach a líonadh le hinfheistíocht i nascacht dhigiteach fheabhsaithe, lena gcuirfear cóineasú maidir le noirm agus luachanna chun cinn.

7. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí Teachtaireacht Chomhpháirteach a thíolacadh faoi Mheán Fómhair 2021 maidir le *Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach*.